Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13620/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0309(NLE)**

**POLCOM 286**
**COASI 115**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, a mhéid a bhaineann le treoirlínte oibríochtúla le haghaidh riar Fhóram na Sochaí Sibhialta a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, a mhéid a bhaineann le treoirlínte oibríochtúla le haghaidh riar Fhóram na Sochaí Sibhialta a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn[1] ('an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2024.

(2) Le hAirteagal 24.7 den Chomhaontú, ceanglaítear ar na Páirtithe teacht ar chomhaontú ag an gcéad chruinniú den Choiste um Thrádáil arna bhunú le hAirteagal 24.1(1) den Chomhaontú i ndáil le treoirlínte oibríochtúla maidir le riar Fhóram na Sochaí Sibhialta.

(3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L, 2024/866, 25.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2024/866/oj.

[2] Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (IO L, 2024/244, 28.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/244/oj).

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, maidir le cinneadh atá le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 24.7 de, a mhéid a bhaineann le treoirlínte oibríochtúla le haghaidh riar Fhóram na Sochaí Sibhialta a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*